AN TRAONACH

Is éan fíor neamhchoitianta is ea an traonach a thugann cuairt ar roinnt áiteacha in Éirinn le linn an tsamhradh le neadú agus chun na sícíní a thógáil. Caitheann siad an gheimhreadh san Afraic (An Afraic Theas, an tSiombáib, an tSaimbia agus an Tansáin) agus déanann siad an aistear fada sa samhradh le neadú.

Céard a bhreathnaíonn siad cosúil le?

Is éineacha bheaga iad atá mar bhaill de chlann an "Rail Family" ar nós na cearca uisce (Moorhen) nó cearca cheannann (Coot hens). Tá siad níos mó ná an Lon Dubh ach níos lú ná piasún. Tá dath donn orthu.

Tá siad an-rúnda iad agus an-deacair le n-aimsiú ach níl aon dabht cloisfidh tú iad!!!

Déanann siad fuaim CREX CREX .... sin an ainm Laidineach atá orthu ... agus déanann siad a lán torann, san oíche go háirithe.

Céard a theastaíonn ón dTraonach?

Neadaíonn an traonach ar an talamh agus úsáideann gas agus duilleoga le nead a dhéanamh. Teastaíonn fásra ard uathu (ar a laghad 20cm) ar nós féarthailte ionas go mbeidh siad in ann an nead a chuir i bhfolach.

Is maith leo neantóga, feabhrán agus cairéid fiáine agus feileastram freisin, a thugann clúdach os a chionn, ach tá sé oscailte in íochtar a cheadaíonn don éan rith thart agus fanacht i bhfolach. Tugann plandaí cosúil le neantóga agus feabhrán clúdach an-mhaith ó Aibreán go Lúnasa nuair nach mbíonn plandaí eile sách ard le dhul i bhfolach ann.

Is maith leo barr cosúil le cál agus coirce.

Teastaíonn uathu nach mbeidh aon duine ná aon rud ag cur isteach ar suíomh an nead ó Aibreán go Lúnasa. Mar sin más féidir ba cheart triail gan an féar a ghearrradh ná a bheith ite in aon gharrantaí ina bhfuil an traonach le linn an ama seo.

Céard a itheann an traonach?

Tá siad uiliteach (omnivorous) agus den chuid is mó itheann siad feithidí (seilidí drúchta, seilidí agus péist).

Cén fáth go bhfuil an traonach i mbaol?

- Cailliúint gnáthóga oiriúnach
- Diansaothrú (Intensification) feirmeoireacht agus úsáid meaisíní
- Creachadóirí nadúrtha



Cén uair a thagann siad?

Is féidir leo theacht chomh luath le mí Aibreán (anuraidh shroich siad Inis Mór i mí Meitheamh).

Déanann siad nead i mí Bealtaine agus bíonn an dara aonad ghoir acu i mí Meithimh. D'fhéadfadh suas le 8-12 ubh a bheith sa nead. Tar éis a ghoireann na sicíní tugann an máthair aire dóibh ar feadh 12 lá agus ansin scaoileann sí leo ar a mbealach.

NPWS An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra National Parks and Wildlife Service

ACRES BURREN ARAN

Corncrake Traonach LIFE